Údarás na Gaeltachta

## Oifigeach Togra (SATCOMM)
## (Sustainable Atlantic Communities)

Interreg Atlantic Area

**Tá folúntas d'innealtóir ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh sainchuspóra suas le 3 bliana. Beidh an post lonnaithe in Oifig Réigiúnach an Deiscirt, An Daingean, Co. Chiarraí.**

I gcomhar le páirtnéirí eile Eorpacha, tá Údarás na Gaeltachta páirteach sa togra SATCOMM (Sustainable Atlantic Communities). Is í an phríomhaidhm atá ag Satcomm ná cumasú a dhéanamh ar phobail fuinnimh i gceithre thír (Éire, An Spáinn, An Fhrainc agus an Phortaingéil) aistriú i dtreo fuinnimh in-athnuaite trí a gcuid fuinnimh féin a ghiniúint agus an fuinneamh sin a roinnt idir bhaill Phobal Fuinnimh.

**An Ról:**
Mar chuid d'fheidhmiú an togra seo, tá post á thairiscint d'innealtóir cáilithe mar Oifigeach Togra ar bhunús conartha sainchuspóra.

**Dualgais:**
Beidh an té a cheapfar freagrach as comhordú a dhéanamh ar chlár oibre Satcomm agus tograí eile atá á reáchtáil sa Ghaeltacht agus a thacóidh le forbairt earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus go háirithe as cur i bhfeidhm togra píolótach ar Pháirc Ghnó an Daingin, Co. Chiarraí agus áiteanna eile sa Ghaeltacht. Mar chuid den ról seo beidh obair thaighde agus fhorbartha le déanamh ar an earnáil fuinnimh in-athnuaite a thacóidh leis an Údarás a chuid aidhmeanna faoin nGaeltacht Ghlas a bhaint amach.

**An Duine:**
Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na scileanna/tréithe/taithí seo a leanas acu:

- Líofacht i labhairt agus scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cáilíocht tríú leibhéal innealtóireachta
- Eolas / tuiscint ar an nGeilleagar Glas
- Taithí oibre ábhartha 3 bliana, ar a laghad, tar éis na céime
- Tuiscint agus taithí ar chórais bainistíochta gnó nó riarachán poiblí
- Scileanna ábhartha taighde, anailíse agus réiteach tuairiscí
- Sárscileanna cumarsáide, comhordaithe agus idirphearsanta
- Ardscileanna eagrúcháin, ríomhaireachta agus riaracháin

Is post ar chonradh sainchuspóra é seo. Tá scála tuarastail ag grád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin idir €55,996 - € 70,522 ag dul leis an bpost seo. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh as Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie roimh **4:00 i.n. ar 31 Bealtaine 2024.**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*